3. Ordaítear do Chomhairle an Aontais Eorpaigh na costais a íoc.

4. Íocfaidh Ríocht na Beilge, Poblacht na Seice, an Phoblacht Heilléanach, Poblacht na Fraince, Poblacht na Cróite, Poblacht na hIodáile, an Ungáir, Ríocht na hÍsiltíre, Poblacht na hOstaire agus Poblacht na Portaingéile as a gcostais féin.

[1] IO C 77, 09.03.2020

---

**Breithiúnas na Cúirte (an Mór-Dhlísheomra) an 22 Samhain 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Tribunal d'arrondissement de Luxembourg – Lucsamburg) – WM (C-37/20), Sovim SA (C-601/20) v Luxembourg Business Registers**

**(Cásanna uamtha C-37/20 agus C-601/20)** [1]

***(Tarchur chun réamhrialú – Úsáid an chórais airgeadais chun sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc – Treoir (AE) 2018/843 lena leasaítear Treoir (AE) 2015/849 – Leasú ar an gcéad fhomhír d'Airteagal 30(5) den Treoir sin – Rochtain ag aon duine den phobal i gcoitinne ar fhaisnéis maidir le húinéirí tairbhiúla – Bailíocht – Airteagail 7 agus 8 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh – Urraim ar an saol príobháideach agus ar shaol an teaghlaigh – Cosaint sonraí pearsanta)***

(2023/C 24/03)

*Teanga an cháis: an Fhraincis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Tribunal d'arrondissement de Luxembourg (Cúirt Dúiche, Lucsamburg)

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* WM (C-37/20), Sovim SA (C-601/20)

*Cosantóir:* Luxembourg Business Registers

**An chuid oibríochtúil**

Tá Airteagal 1(15)(c) de Threoir (AE) 2018/843 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 lena leasaítear Treoir (AE) 2015/849 maidir le húsáid an chórais airgeadais chun sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc agus le Treoir 2009/138/CE agus Treoir 2013/36/AE, neamhbhailí a mhéid a leasaíodh leis an chéad fhomhír d'Airteagal 30(5)(c) de Threoir (AE) 2015/849 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2015 maidir le húsáid an chórais airgeadais chun sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Treoir 2005/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 2006/70/CE ón gCoimisiún, ar chaoi lena bhforáiltear sa chéad fhomhír d'Airteagal 30(5)(c), sa leagan a leasaíodh, nach mór do na Ballstáit a áirithiú go bhfuil faisnéis maidir le húinéirí tairbhiúla na n-eintiteas corparáideach agus na n-eintiteas dlíthiúil atá corpraithe ina gcríoch ar fáil i ngach cás d'aon duine den phobal i gcoitinne.

[1] IO C 103, 30.03.2020
IO C 35, 01.02.2021